An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

# AN ROINN DLÍ AGUS CIRT

## An Beartas um Chosaint Sonraí

L2.0
Meitheamh 2020

**Clár Ábhar** **Leathanach**


1. Réamhrá 3

2. Raon feidhme 3

3. Prionsabail um Chosaint Sonraí 4

4. Cearta 'ábhar sonraí' 7

5. Freagrachtaí na Roinne Dlí agus Cirt 10

6. Teagmhálaithe Cosanta Sonraí 13

Aguisín A – Mínithe sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus sa Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí 14

Aguisín B – Táblaí 16

## 1. Réamhrá

Oibríonn an Roinn Dlí agus Cirt (dá ngairtear an Roinn anseo ina dhiaidh seo) chun áit shábháilte chothrom chuimsitheach le cónaí ann agus le hobair ann a dhéanamh d'Éirinn.

Ina cáil mar Roinn Rialtais tá freagrachtaí uirthi, na freagrachtaí seo ina measc:

- slándáil an Stáit a chinntiú
- beatha agus maoin a chosaint
- an choireacht a chosc agus a bhrath
- cothroime agus comhionannas a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn
- imirce isteach sa Stát a bhainistiú
- dlíthe coiriúla agus sibhialta a thabhairt cothrom le dáta
- seirbhísí éagsúla eile rialála a chomhlíonadh

Is gá don Roinn méideanna suntasacha sonraí pearsanta ónár gcuid custaiméirí, ball foirne agus soláthraithe seirbhíse a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, rud a dtugtar tuilleadh éifeachta dó i gCuid 3 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, is 'Rialaitheoir Sonraí' í an Roinn agus, mar sin de, tá freagrachtaí suntasacha uirthi as príobháideacht ábhar sonraí agus cosaint na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a chinntiú.

I gcomhar le GDPR déileálann an Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí (LED) le próiseáil na rialaitheoirí sonraí ar shonraí pearsanra chun críocha 'fhorfheidhmithe an dlí' - ní thagann sonraí mar iad faoi raon feidhme an GDPR. Tugtar éifeacht don Treoir seo go príomha trí Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 i ndáil le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil Chun Críocha Fhorfheidhmithe an Dlí agus tá freagrachtaí ar an Roinn i dtaobh sonraí pearsanta dá leithéid a phróiseáil.

Is mar seo a leanas a shainmhínítear sonraí pearsanta

***"aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta (ábhar sonraí)"***

Soláthraíonn an sainmhíniú seo do réimse leathan aitheantóirí pearsanta a bhunú mar sonraí pearsanta, ainm, uimhir aitheantais ina measc (e.g. UPSP), sonraí suímh nó aitheantóir ar líne, agus a chumhdaíonn na sonraí leictreonacha, na sonraí láimhe agus na sonraí íomhá go léir a d'fhéadfaí a choinneáil ar ríomhaire nó ar chomhaid láimhe.

Leagtar amach na príomh-shainmhínithe a úsáidtear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus sa Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí in Aguisín A.

## 2. Raon feidhme

Tá feidhm ag an mbeartas seo maidir leis an Roinn agus tá sé ar fáil do gach gníomhaireacht agus oifig feidhmiúcháin a ghníomhaíonn ina 'Rialaitheoirí Sonraí'

lena chur i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí.

Tá feidhm ag an mbeartas maidir leis na sonraí pearsanta go léir a bhailíonn, a phróiseálann agus a stórálann an Roinn i dtaca le gach duine aonair (i.e. baill foirne, custaiméirí agus soláthraithe seirbhíse) ar cibé slí ar bith, lena n-áirítear taifid pháipéir agus taifid leictreonacha.

Cuirtear san áireamh sa bheartas seo an dea-chleachtas i réimse na cosanta sonraí ach úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.

## 3. Prionsabail um Chosaint Sonraí

Éilítear le sé phrionsabal[1] an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí go bhfuil sonraí pearsanta:

1. Á bpróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach;
2. Á mbailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus gan próiseáil bhreise a dhéanamh orthu ar bhealach atá neamh-chomhoiriúnach leis na críocha sin.
3. Leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá;
4. Cruinn agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad;
5. Á gcoinneáil i bhfoirm nach gceadaítear na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; agus
6. Á bpróiseáil ar bhealach trína gcinntítear slándáil iomchuí na sonraí.

Cuirtear oibleagáid ar an Roinn le hAirteagal 5(2) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí "*bheith freagrach as na prionsabail a chomhlíonadh, agus bheith in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint".*

Tá feidhm ag prionsabail cosanta sonraí atá an-chosúil leo i gcásanna ina ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta 'chun críocha forfheidhmithe dlí' faoin Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí (LED). Is féidir na prionsabail seo, a bhaineann le próiseáil chun críocha forfheidhmithe dlí, a fháil in Alt 71 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

**Na Prionsabail um Chosaint Sonraí a chur i bhFeidhm sa Roinn Dlí agus Cirt**
Éilítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí go ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil de réir na bprionsabal um chosaint sonraí a leagtar amach thuas. Leagtar amach beartais agus nósanna imeachta na Roinne chun comhlíonadh na bprionsabal sin a chinntiú.

[1] Airteagal 5

## 3.1 Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach[2]

Socraítear le hAirteagal 6 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí na forais ina bhfuil próiseáil sonraí dleathach. I measc na bhforas sin:

'*is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir* '

Luaitear freisin in alt 38(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, gur dleathach atá an phróiseáil i gcás ina bhfuil sí ag teastáil chun na críche seo:

'*……… comhlíonadh a dhéanamh ar fheidhm de chuid rialaitheora a thugtar le hachtú nó faoi achtú nó a thugtar leis an mBunreacht…* '

Déantar an-chuid den phróiseáil a dhéanann an Roinn ar shonraí pearsanta ar mhaithe le comhlíonadh fheidhmeanna an Aire nó ar mhaithe le leas an phobail. Feidhmeanna an Aire Dlí agus Cirt, a mbuntacaítear leo le hAirteagal 28.12 de Bhunreacht na hÉireann agus leis an Acht Airí agus Rúnaithe, 1924 (arna leasú), cuirtear san áireamh iad in Aguisín B, Tábla 1, a ghabhann leis an doiciméad seo. Liostaítear i dTábla 2 na tascanna a dtugtar fúthu sa Roinn ar mhaithe le leas an phobail, a bhféadfaí go mbaileofar sonraí ina leith chomh maith.

Sa bhreis air sin, próiseálann an Roinn sonraí pearsanta i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla áirithe a bhfuil an Roinn faoina réir nó chun críocha forfheidhmithe dlí áirithe.

D'fhéadfadh an Roinn sonraí pearsanta a phróiseáil freisin de réir conarthaí áirithe atá curtha i bhfeidhm aici agus, in imthosca teoranta, i gcás ina bhfuil leas dlisteanach ag an Roinn sonraí pearsanta sonraithe a phróiseáil.

Tá an Roinn ar an eolas nach mór di a chinntiú gur tugadh toiliú 'faoi shaoirse' sa chás go bhfuil sí ag iarraidh brath ar an mbunús dlí maidir le toiliú. Aithníonn an Roinn go bhféadfadh sé a bheith deacair é sin a dheimhniú i gcás lena mbaineann neamhchothroime cumhachta idir na daoine is ábhar do na sonraí agus an rialaitheoir. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Roinn iarraidh ar an ábhar sonraí a t(h)oiliú a thabhairt chun a s(h)onraí a phróiseáil in imthosca an-teoranta. I gcásanna den chineál sin, iarrfar toiliú nuair a dhéantar na sonraí a bhailiú agus cuirfear in iúl don ábhar sonraí go bhféadfaidh sé/sí a t(h)oiliú a aistarraingt tráth ar bith le linn na próiseála.

Beidh an Roinn trédhearcach go hiomlán i dtaca le mar a úsáidfear na sonraí pearsanta a bhailítear, ag cinntiú go háirithe nach n-úsáidfear na sonraí ar bhealach nach mbeadh ábhar sonraí ag súil leis. Cuirfidh an Roinn an fhaisnéis atá ag teastáil ar fáil d'ábhair sonraí nuair a bhailítear na sonraí pearsanta. Cinnteoidh an Roinn go gcuirfear an fhaisnéis ar fáil i bhfoirm shothuigthe, ag úsáid teanga atá soiléir agus sothuigthe. Chun a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis a chuirtear ar fáil

[2] Féach Airteagal 6 den RGCS agus Alt 34 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 maidir leis seo.

cuimsitheach agus inrochtana i gcónaí, d'fhéadfadh an Roinn faisnéis mhion-sonraithe a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin.

### 3.2 Ní fhéadfar sonraí pearsanta a bhailiú ach chun críocha sonracha, sainráite agus dlisteanacha

Ní dhéanann an Roinn sonraí pearsanta a phróiseáil ach amháin chun na gcríoch a mbailítear iad. I gcás ina bpróiseálann sí sonraí pearsanta chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail; chun críocha taighde eolaíochta nó stairiúil nó chun críocha staidrimh cuirfidh sí bearta i bhfeidhm chun prionsabal an íoslaghdaithe a chinntiú. Ní bheidh ábhair sonraí in-sainaitheanta agus cuirfear cosaintí cuí i bhfeidhm maidir le riachtanais faisnéise agus an ceart go ndéanfaí ceartú, go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go ligfí i ndearmad, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil, iniomparthacht sonraí agus nuair atá sonraí pearsanta á bpróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíocha nó stairiúil nó chun críocha staidrimh.

Sa chás go mbeadh gá sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh (beag beann ar an gcomhoiriúnacht dhealraitheach leis an gcuspóir bunaidh) beidh sin faoi réir measúnú tionchair chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil ardriosca ag baint leis an bpróiseáil do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí. D'fhéadfaí gur i bhfoirm measúnú tionchair ar chosaint sonraí (féach Cuid 5.5 thíos) a dhéanfaí an measúnú sin.

### 3.3 Ní mór sonraí pearsanta a bheith leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun iad a phróiseáil (íoslaghdú sonraí)

Cinnteoidh an Roinn gurb ionann na sonraí a bhailítear agus a choimeádtar agus an t-íosmhéid sonraí is gá i gcomhair an chuspóra shonraithe. Ní bhaileoidh an Roinn sonraí pearsanta nach bhfuil riachtanach don chuspóir gnó. Cuirfear an cuspóir gnó chun críocha sonraí dá leithéid a bhailiú in iúl i ngach iarraidh ar shonraí pearsanta a eiseoidh an Roinn.

### 3.4 Ní mór sonraí pearsanta a bheith cruinn agus iad a bheith coinnithe cothrom le dáta.

Chun a chinntiú go gcomhlíontar feidhmeanna an Aire Dlí agus Cirt ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, cinnteoidh an Roinn go ndéanfar na sonraí pearsanta ar fad a choimeádtar a choinneáil cruinn agus cothrom le dáta, nuair is féidir. Tá gach réimse den Roinn ina gcoimeádtar sonraí pearsanta freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar gach nós imeachta láimhe/ríomhaire ar bhealach atá leordhóthanach agus, i gcás ina dtugtar fógra dóibh faoi mhíchruinnis, go ndéanfar na sonraí pearsanta a cheartú ar bhealach tráthúil ach sa chás go mbeadh iarracht díréireach de dhíth chun sin a dhéanamh.[3]

[3] Is ceart a thabhairt do d'aird aire nach ceart daingean é go ndéanfaí sonraí a cheartú – braith-eann sé ar na cúinsí a bhaineann le gach cás aonair. Is é seo an rialú a thug an Coimisiún um Chosaint Sonraí maidir leis an ngearán a thug Ciaran Ó Cofaigh i gcoinne Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

### 3.5 Ní choinnítear sonraí pearsanta ach amháin don tréimhse is gá

Déanfaidh an Roinn an t-achar ama a theastaíonn uaithi na sonraí pearsanta a choimeád a dheimhniú chomh maith leis an údar/na húdair atá aici len iad a choimeád. Faoi réir cheanglais an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986, sa chás go n-imeoidh an tréimhse coimeádta in éag cinnteoidh an Roinn go ndéanfar na sonraí pearsanta a léirscriosadh/a scriosadh i gceart. I gcás nach mór sonraí pearsanta a choimeád i gcomhréir leis an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986, cinnteoidh an Roinn go gcoimeádfar na sonraí ar bhealach slán agus nach mbeidh teacht orthu chun críocha gnáthphróiseála.

### 3.6 Déantar sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach trína gcinntítear slándáil iomchuí na sonraí

Coimeádann an Roinn bearta teicniúla, eagraíochtúla agus slándála fisiciúla den chaighdeáin is airde chun a chinntiú go gcoimeádtar/go bpróiseáiltear na sonraí pearsanta ar bhealach slán i gcónaí. Déantar córais, bearta agus beartais slándála a athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus tugtar cothrom le dáta iad nuair is gá. Thug baill foirne na Roinne faoi oiliúint leanúnach i dtaca lena bhfreagrachtaí pearsanta i dtaobh sonraí pearsanta a chosaint.

## 4.0 An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Cearta ‘ábhar sonraí’

Faoi réir alt 60 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus faoi réir aon Rialachán lena mbaineann, sonraítear na cearta seo a leanas maidir le hábhair sonraí sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí:

- an ceart a bheith ar an eolas /an ceart chun rochtain a fháil
- an ceart go ndéanfaí ceartúcháin
- an ceart go ndéanfaí léirscriosadh
- an ceart go gcuirfí srian le próiseáil
- an ceart chun iniomparthacht sonraí
- an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála
- cearta i dtaca le cinnteoireacht uathoibrithe agus le próifíliú.

Sa chás go ndéantar próiseáil ar shonraí pearsanta chun críocha forfheidhmithe dlí faoin LED, tá cearta den chineál céanna ag daoine is ábhar do na sonraí, agus tá siad seo le fáil in Ailt 89-95 den Acht um Chosaint Sonraí 2018, atá faoi réir ag raon srianta. Áirítear ar na cearta sin, an ceart chun faisnéise, an ceart chun rochtana, an ceart chun ceartú nó scriosta agus srianta. Is féidir le hábhair sonraí teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne maidir le saincheist ar bith a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus le feidhmiú a gcuid ceart. dataprotectioncompliance@justice.ie

### 4.1 An ceart a bheith ar an eolas agus an ceart chun rochtain a fháil

Mar a luadh roimhe seo, tá sé de cheart ag ábhair sonraí faisnéis a fháil ón Roinn

faoi bhailiú agus úsáid a gcuid sonraí pearsanta. Sa bhreis air sin, tá sé de cheart acu rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta agus ar fhaisnéis bhreise eile, de réir mar is cuí.

Chuir an Roinn nósanna imeachta chun feidhme chun a chinntiú go dtabharfar freagra ar gach Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí (SARanna) laistigh de mhí amháin, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Is féidir tuilleadh eolais maidir le Iarraidh ar Rochtain ó Ábhar Sonraí a dhéanamh a fháil ar ár láithreán gréasáin ar gov.ie - Ag cosaint Sonraí Pearsanta sa Roinn Dlí agus Cirt (www.gov.ie)

### 4.2 An ceart go ndéanfaí ceartúcháin

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí go ndéanfaí ceartúcháin ar shonraí pearsanta míchruinne atá á gcoimeád ag an Roinn agus go dtabharfaí sonraí pearsanta neamhiomlána cothrom le dáta chun go mbeidh siad iomlán.

I ndiaidh iarraidh a fháil ó ábhar sonraí go ndéanfaí ceartúcháin ar a s(h)onraí pearsanta, déanfaidh an Roinn gach beart réasúnta chun a chinntiú go bhfuil na sonraí atá á gcoimeád cruinn agus cinnteoidh sí go ndéanfar na sonraí a cheartú, nuair is gá agus nuair is cuí.

### 4.3 An ceart go ndéanfaí léirscriosadh

Foráiltear le hAirteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí don cheart atá ag ábhair sonraí in imthosca áirithe go ndéanfaí léirscriosadh ar a gcuid sonraí pearsanta ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad'). Áirítear ar na himthosca sin:

- níl na sonaí pearsanta de dhíth a thuilleadh chun na críocha a bailíodh nó a próiseáladh iad;
- déanann an t-ábhar sonraí an toiliú ar a bhfuil an phróiseáil bunaithe a aistarraingt sa chás nach bhfuil aon bhunús eile dlí ann don phróiseáil;
- cuireann an t-ábhar sonraí in aghaidh na próiseála agus gan aon fhoras dlisteanach sáraitheach ann i leith na próiseála;
- rinneadh na sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach mídhleathúil;
- caithfear na sonraí pearsanta a léirscriosadh chun oibleagáid dlí a chomhlíonadh.

Cuirfidh an Roinn fógra d'fhaighteoirí na sonraí ar leith sin ar an eolas chun gur féidir iad a léirscriosadh ach sa chás go mbeadh iarracht díréireach de dhíth chun sin a dhéanamh.

Ní ceart daingean é an ceart go ndéanfaí léirscriosadh agus níl feidhm aige maidir le himthosca ina bhfuil próiseáil na Roinne ar na sonraí pearsanta riachtanach i gcomhair na nithe seo ach go háirithe:

- chun feidhm de chuid an Aire a chomhlíonadh nó ar mhaithe le tasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail (Aguisín B, Táblaí 1 & 2);

- chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh; nó
- i gcás ina dteastaíonn na sonraí chun éilimh dlí a bhunú, a chur i bhfeidhm nó a chosaint.

I gcás ina bhfuil ábhar sonraí den tuairim go bhfuil eilimintí de shonraí pearsanta atá á gcoimeád ag an Roinn míchruinn, féadfaidh sé/sí iarraidh a dhéanamh i scríbhinn go ndéanfaí na sonraí sin a léirscriosadh go buan. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar na hiarrataí ar fad dá leithéid agus, nuair is cuí, déanfaidh sí na sonraí atá i gceist a léirscriosadh.

## 4.4 An ceart go gcuirfí srian le próiseáil[4]

Tá sé de cheart ag ábhar sonraí go gcuirfí srian le próiseáil a c(h)uid sonraí pearsanta i gcásanna ina bhfuil feidhm ag ceann amháin díobh seo a leanas:

- cuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne chruinneas a c(h)uid sonraí. Beidh feidhm ag an srianadh ar feadh tréimhse le go bhféadfaidh an Roinn cruinneas na sonraí pearsanta a dheimhniú;
- tá an phróiseáil neamhdhleathach agus cuireann an t-ábhar sonraí i gcoinne léirscriosadh na sonraí, ach iarrann sé/sí go gcuirfí srian lena n-úsáid;
- níl na sonraí atá i gceist ag teastáil ón Roinn a thuilleadh ach iarrann an t-ábhar sonraí go gcoinneofaí iad chun éileamh dlíthiúil a bhunú, a chur i bhfeidhm nó a chosaint; nó
- chuir an t-ábhar sonraí i gcoinne go ndéanfadh an Roinn a s(h)onraí a phróiseáil. Beidh feidhm ag an srianadh sin go dtí go ndeimhneofar cibé an sáróidh forais dhlisteanacha na Roinne an phróiseáil a dhéanamh ábhar imní an ábhair sonraí nó nach sáróidh.

Is é an dea-chleachtas go cuirfidh an Roinn srian le próiseáil sonraí pearsanta agus gan ach 'próiseáil a bhfuil fíorghá' léi a dhéanamh le linn athbhreithniú a dhéanamh ar chruinneas na sonraí agus/nó ar na forais dhlisteanacha leis na sonraí a phróiseáil.

## 4.5 An ceart chun iniomparthacht sonraí

Is ceadmhach don Roinn de réir an dlí cuid shuntasach de shonraí pearsanta a bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 6.1(c) nó 6.1(e) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i.e. *'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh'* nó *'is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir'*.

I gcásanna inar bhailigh an Roinn sonraí pearsanta ó ábhar sonraí trí bhíthin toilithe (in imthosca eisceachtúla) nó trí bhíthin conartha, féadfaidh an t-ábhar sonraí sin iarraidh ar an Roinn na sonraí a sholáthar i bhformáid leictreonach chun iad a sholáthar do Rialaitheoir Sonraí eile. Comhlíonfaidh an Roinn gach iarraidh dhlisteanach dá leithéid sin.

[4] Airteagal 18

Ba cheart a thabhairt ar aird nach bhfuil feidhm aige sin maidir le tabhairt faoi thasc a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarás oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

### 4.6 An ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil

Faoi Airteagal 21 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá sé de cheart ag ábhair sonraí agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil a gcuid sonraí pearsanta in imthosca ar leith. I gcás ina bhfaightear agóid dá leithéid, déanfaidh an Roinn gach cás a mheas ar a fhiúntas féin.

### 4.7 An ceart gan bheith faoi réir chinnteoireacht uathoibrithe[5]

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gan bheith faoi réir chinneadh atá bunaithe ar an bpróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, lena n-imrítear éifeacht dlí nó éifeacht atá chomh suntasach céanna orthu.

Cinnteoidh an Roinn nach bunaithe ar an bpróiseáil uathoibrithe amháin a bheidh cinneadh ar bith a eisítear chuig ábhar sonraí.

### 4.8 Gearáin

Is féidir le hábhar sonraí ar bith a bhfuil imní orthu nach bhfuil an Roinn ag seasamh lena gcearta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne (DPO). Rachaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí i dteagmháil leis an ábhar sonraí chun an gearán a réiteach go sásúil.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ar dataprotectioncompliance@justice.ie.

I gcás nach féidir an gearán a cuireadh faoi bhráid an Oifigigh Cosanta Sonraí a réiteach, cuirfear an méid sin in iúl i scríbhinn don ábhar sonraí agus tabharfar eolas dó/di faoin gceart atá aige/aici an gearán a tharchur chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí.

## 5.0 Freagrachtaí na Roinne

Tá an Roinn freagrach as na nithe seo a leanas:

### 5.1 Bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm agus a choimeád ar bun ar mhaithe le sonraí pearsanta a chosaint.

Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun a chinntiú go mbeidh na sonraí go léir a choimeádtar faoina rialú slán agus nach mbeidh na sonraí sin i mbaol rochtain neamhúdaraithe, bíodh sin inmheánach nó seachtrach. Déantar bearta chun sonraí pearsanta a chosaint a athbhreithniú agus

[5] Airteagal 22

a nuashonrú, nuair is cuí, ar bhonn leanúnach.

## 5.2 Taifead de ghníomhaíochtaí próiseála sonraí a choimeád

Coimeádann an Roinn taifead scríofa ar na catagóirí gníomhaíochtaí próiseála go léir a bhfuil sí freagrach astu i gcomhréir le hAirteagal 30 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus i gcomhréir le hAlt 81 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

## 5.3 Comhaontuithe Cosanta Sonraí le faighteoirí sonraí pearsanta

Cuireann an Roinn conarthaí (comhaontuithe / socrúcháin / meabhráin tuisceana /comhaontaithe déthaobhacha) i bhfeidhm le tríú páirtithe ar bhonn leanúnach i gcás ina gcomhroinntear sonraí pearsanta. Áirítear orthu sin gníomhaireachtaí stáit agus ranna eile rialtais. Sonraítear sna comhaontuithe sin an cuspóir a chomhroinntear na sonraí, an bealach a sheastar le cearta na n-ábhar sonraí, na ceanglais chun na sonraí a shlánú agus na ceanglais chun an comhaontú a fhoirceannadh agus chun na sonraí a chomhroinntear a thabhairt ar ais/a scriosadh.

## 5.4 Cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú

De réir Airteagal 25 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt do na prionsabail um shonraí pearsanta a chosaint agus chun a chinntiú nach bpróiseálfar, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra ar leith atá leis an bpróiseáil.

Áirítear leis na bearta sin beartais agus nósanna imeachta eagraíochta a thabhairt isteach amhail an Beartas um Úsáid Inghlactha agus an Beartas um Chumarsáid Dhigiteach mar aon le bearta slándála a chur i bhfeidhm chun na sonraí a shlánú.

## 5.5 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

I gcás ina measann an Roinn go mbeidh ardriosca do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí lena mbaineann ag gabháil leis an bpróiseáil a bheartaítear (go háirithe próiseáil a bhfuil teicneolaíocht nua i gceist léi), déanfaidh an Roinn Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí.

Rachfar i gcomhairle le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne i ndáil le gach Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonaí a chuirtear i gcrích. I gcás nach maolóidh na bearta teicniúla agus/nó eagraíochtúla a mholtar na hardrioscaí a sainaithníodh roimhe sin ann, rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí de réir mar is cuí.

## 5.6 Aistriú sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach[6]

[6] Caibidil 5 den RGCS agus Caibidil 5, Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí.

Cinnteoidh an Roinn go mbeidh cosaintí iomchuí i bhfeidhm sula n-aistreofar aon sonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach.

## 5.7 Sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta

Is é seo a leanas an sainmhíniú a thugtar sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ar shárú i ndáil le sonraí pearsanta:

> *'sárú ar shlándáil as a dtiocfaidh scrios, cailleadh, athrú, nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó neamhdhleathach'*.

Tabharfaidh baill foirne na Roinne fógra d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne i gcás ina sainaithníonn siad go ndearnadh sárú ar shonraí pearsanta nó ina measann siad go ndearnadh sárú ar shonraí pearsanta. Tabharfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí fógra don Choimisiún um Chosaint Sonraí gan aon mhoill mhíchuí[7] nuair is dócha go mbeidh riosca do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí/na n-ábhar sonraí lena mbaineann mar gheall ar shárú.

Déanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí é a mheas chomh maith cé acu is dócha nó nach dócha go mbeidh ardriosca i gceist leis don ábhar sonraí/do na hábhair sonraí lena mbaineann mar gheall ar an sárú. I gcás ina sainaithnítear ardriosca, socróidh an tOifigeach Cosanta Sonraí go dtabharfaí fógra do na hábhair sonraí ina leith.

## 5.8 Rialachas Cosanta Sonraí

Tá príomhcheanglas ar an Roinn an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí a chomhlíonadh. Tabharfar mionsonraí i gCreat Rialachais Chorparáidigh na Roinne (Grúpa Stiúrtha Cosanta Sonraí) faoi na socruithe atá i bhfeidhm chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht cosanta sonraí agus chun an comhlíonadh sin a chinntiú.

## 5.9 Oifigeach Cosanta Sonraí

I gcomhréir le hAirteagal 37.1(a) den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, tá Oifigeach Cosanta Sonraí ainmnithe ag an Roinn. Cinnteoidh an Roinn go tráthúil go mbeidh baint ag an Oifigeach Cosanta Sonraí le gach saincheist a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus tacóidh sí leis an Oifigeach Cosanta Sonraí agus na cúraimí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. Is mar a leanas atá tascanna sannta ar Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne:

- Fógra a thabhairt don Roinn agus do bhaill foirne a phróiseálann sonraí pearsanta, agus comhairle a chur orthu faoi na hoibleagáidí atá orthu faoin reachtaíocht cosanta sonraí;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, agus ar bheartais na

[7] I gcomhréir le hAirteagal 33 den RGCS ní bheidh sé sin tráth nach deireanaí ná 72 uair an chloig tar éis din rialaitheoir eolas a fháil faoin sárú.

Roinne maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh, cur leis an bhfeasacht agus oiliúint a chur ar bhaill foirne, agus maidir leis na hiniúchtaí lena mbaineann;

- Comhairle a thabhairt nuair a iarrtar í maidir leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí agus monatóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht;
- Comhoibriú leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí;
- Gníomhú mar phointe teagmhála don Choimisiún um Chosaint Sonraí maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bpróiseáil agus maidir le réamhchomhairliúchán.

## 6.0 Teagmhálaithe Cosanta Sonraí

**An tOifigeach Cosanta Sonraí**
An Oifig Tacaíochta agus Comhlíonta Cosanta Sonraí
An Roinn Dlí agus Cirt
51 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

Ríomhphost: dataprotectioncompliance@justice.ie

Tá an fhaisnéis teagmhála d'Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne agus tá sí curtha faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Má tá ceist, cúis imní nó gearán agat a bhaineann le cúrsaí cosanta sonraí, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ar na bealaí seo a leanas:

- Láithreán Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí;
  Conas teagmháil a dhéanamh linn | Data Protection Commissioner

- Leis an bpost.
  An Coimisiún um Chosaint Sonraí,
  21 Cearnóg Mhic Liam Baile Átha
  Cliath 2.
  D02 RD28
  Éire.

# AGUISÍN A

## Na Príomh-mhínithe sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Ciallaíonn Sonraí Pearsanta aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Ciallaíonn ***Ábhar Sonraí*** duine a bpróiseáiltear a shonraí pearsanta.

Ciallaíonn ***Próiseáil*** aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta, trí mhodhanna láimhe nó trí mhodhanna uathoibrithe, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú.

Ciallaíonn ***Catagóirí speisialta sonraí*** aon sonraí lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

Ciallaíonn ***Rialaitheoir Sonraí*** an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina (h)aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta.

Ciallaíonn ***Próiseálaí Sonraí*** duine, údarás poiblí, gníomhaireacht nó comhlacht eile a phróiseálann sonraí pearsanta thar ceann an rialaitheora.

## Na Príomh-shainmhínithe sa Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí

Tá sainmhínithe ar na príomhthéarmaí a úsáidtear sa Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí le fáil thíos:

Ciallaíonn ***Údarás inniúil***

(a) údarás poiblí atá inniúil chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú sa Stát, lena n-áirítear cosaintí ina aghaidh agus cosc a chur ar bhagairtí slándála poiblí, nó

(b) aon chomhlacht ná eintiteas eile atá údaraithe faoi dhlí údarás poiblí agus cumhachtaí poiblí a chur i bhfeidhm chun críocha cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla a fhorghníomhú sa Stát, lena n-áirítear cosaintí ina aghaidh agus cosc a chur ar bhagairtí slándála poiblí.

Ciallaíonn ***Rialaitheoir***

(a) údarás inniúil a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirtíocht, críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta, nó

(b) sa chás go bhfuil críocha agus modhanna na próiseála sonraí pearsanta cinnte ag dlí an Aontais Eorpaigh nó ag dlí an Stáit, ag rialaitheoir atá ainmnithe -

i. sa dlí sin, nó
ii. i gcomhréir le critéir sonraithe sa dlí sin.

## AGUISÍN B

| Tábla 1 - Feidhmeanna an Aire Dlí agus Cirt |
|---|
| Seirbhís Chúirteanna a sholáthar |
| Imirce isteach sa Stát (Inimirce) a bhainistiú |
| Slándáil an Stáit a chinntiú |
| Beatha agus maoin a chosaint (Póilíneacht) |
| Seirbhís Phríosúin a sholáthar |
| Dlíthe coiriúla agus sibhialta a thabhairt cothrom le dáta (Athchóiriú an Dlí) |
| Cothroime a choinneáil ar bun agus a chur chun cinn |
| An choireacht a chosc agus a bhrath |
| Rochtain ar an gceartas a chinntiú |
| Comhaontú Aoine an Chéasta a riar |

| Tábla 2 – An Roinn Dlí agus Cirt - Cúraimí ar Mhaithe le Leas an Phobail |
|---|
| Cumarsáid le Saoránaigh |
| Cumarsáid le Comhaltaí an Oireachtais |
| Cumarsáidí Idirmheánacha Rialtais |
| Dualgais Oifigiúla a Riar |